**Ceist 2**
**Freagair (a) nó (b)**

Mar chuid de Bhuiséad 2025, d'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley, an beart thíos.

> Leathnú ar Scéim na Leabhar Scoile Saor in Aisce chun na scoláirí ar fad sa tSraith Shinsearach i scoileanna aitheanta iar-bhunscoile laistigh den scéim saoroideachais a chuimsiú.

Arna chur in oiriúint ó gov.ie

**(a)** An gceapann tú go léiríonn na bearta thuas úsáid éifeachtúil acmhainní tearca?
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos chun do thuairim a chur in iúl agus cosain do fhreagra.

| Ceapaim | Ní cheapaim |
|---|---|
| | |

| Cosain: |
|---|
| |
| |
| |

**NÓ**

**(b)** Tá sé beartaithe ag Rialtas na hÉireann go mbeidh barrachas sa bhuiséad reatha arís don bhliain 2025.

Mínigh an téarma **barrachas i mbuiséad reatha an rialtais**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 3**
**Freagair (a) nó (b)**

Osclaíodh an leabharlann is nuaí in Éirinn le déanaí i gCill Chainnigh agus fógraíodh infheistíocht bhreise de €25 milliún sa tSeirbhís Leabharlainne Poiblí.

Arna chur in oiriúint ó gov.ie

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar shochar príobháideach amháin **nó** ar shochar sóisialta amháin a bhaineann leis an úsáid mhéadaithe de leabharlanna poiblí.
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos leis an sochar atá á fhreagairt agat a chur in iúl.

| Sochar príobháideach | Sochar sóisialta |
|---|---|
| | |

| Breac-chuntas: |
|---|
| |
| |
| |

**NÓ**

**(b)** Ba chóir don Rialtas leanúint de bheith ag tacú le hóstáil imeachtaí idirnáisiúnta spóirt in Éirinn, amhail an Chraobh Oscailte Gailf agus UEFA Euro 2028.

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu an aontaíonn nó nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas seo. Cosain do fhreagra.

| Aontaíonn | Ní aontaíonn |
|---|---|
| | |

| Cosain: |
|---|
| |
| |

**Ceist 4**
**Freagair (a) nó (b)**

Tá dea-scéala i mBuiséad 2025 d'oibrithe ar fud na hÉireann. Sábhálfaidh an gnáthoibrí ar a laghad €1,000 a bhuíochas do bhearta ar a n-áirítear athruithe ar an tairseach do réim chánach níos airde (**rud a chiallaíonn go mbeidh cáin á gearradh ar níos lú ioncaim ag an ráta níos airde 40%**) mar aon le ciorruithe MSU agus íocaíochtaí costas maireachtála.

Arna chur in oiriúint ón Irish Independent

**(a)** Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin ar thug an rialtas na bearta thuas isteach.

| Cúis: |
|---|
| |
| |
| |

**NÓ**

**(b)** An bhfuil deischostas ag baint leis na bearta seo don rialtas?
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos agus mínigh do fhreagra.

| **Tá** | **Níl** |
|---|---|
| | |

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 5**

Táthar ag súil go bhfásfaidh OTI na hÉireann de 3.6% sa bhliain 2025 de bharr feabhas sa trádáil dhomhanda, laghdú ar bhoilsciú agus margadh saothair láidir.

Arna chur in oiriúint ó Europa.eu

**(i)** Cad dó a seasann na túslitreacha OTI? Tá an litir **T** déanta chun cuidiú leat.

| | | |
|---|---|---|
| **O** | **Táirgeacht** | **I** |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhuntáiste amháin do shaoránaigh na hÉireann a bhaineann le **OTI a bheith ag méadú**.

| |
|---|
| Buntáiste: |
| |
| |
| |

**Ceist 6**

Tuairiscíodh go bhfuiltear chun cosc a chur ar ghaltoitíní aon uaire in Éirinn. Thug an t-iarAire Ossian Smyth éigeandáil sláinte ar ghaltoitíní aon uaire agus dúirt sé gur eipidéim iad i measc déagóirí.




Arna chur in oiriúint ó RTE.ie

Tabhair breac-chuntas ar chostas príobháideach **amháin** don duine aonair agus costas sóisialta **amháin** don tsochaí a bhaineann le galtoitíní aon uaire.

| |
|---|
| Costas príobháideach: |
| |
| |
| Costas sóisialta: |
| |
| |

**Ceist 7**

Sa ghrafaic thíos, taispeántar líon na ndaoine 65 bliana d'aois agus os a chionn in Éirinn sa bhliain 2014 agus sa bhliain 2024.




Arna chur in oiriúint ón cso

**(i)** Tá ardú 243,700 sa líon daoine atá in aois 65 agus os a chionn.
Ríomh céatadán an ardaithe i líon na ndaoine in aois 65 agus os a chionn idir 2014 agus 2024. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

| |
|---|
| Do chuid oibre: |
| Céatadán an ardaithe: |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an ardú seo i líon na ndaoine i ndaonra na hÉireann in aois 65 agus os a chionn **do Rialtas na hÉireann**.

| |
|---|
| Iarmhairt eacnamaíochta: |
| |
| |
| |

**Ceist 8**

**(i)** Cuir in iúl le tic (✓) cé acu de na gnólachtaí seo a leanas a fheidhmíonn i struchtúr **margaidh monaplachta** in Éirinn.

| Ainm na hEagraíochta | Cuir (✓) leis an struchtúr Monaplachta |
|---|---|
| **Ryanair** | |
| **An Post** (seirbhís poist do litreacha) | |
| **Vodafone** | |

**(ii)** I struchtúr margaidh monaplachta, tá **bacainní ar iontráil**.
Tabhair breac-chuntas ar bhacainn amháin a d'fhéadfadh a bheith ar iontráil.

| Breac-chuntas: |
|---|
| |
| |

**Ceist 9**

I mí Mheán Fómhair 2024, sheol Apple an Apple Watch sraith 10.



www.apple.com

Sa tábla thíos, cuir in iúl le tic (✓) an earra **ionaid** nó earra **comhlántach** do Apple Watch sraith 10 iad na hearraí seo. Mínigh an chúis atá le do fhreagra i ngach cás.

| | Earra Ionaid | Earra Comhlántach | Cúis |
|---|---|---|---|
| **Apple iPhone 16** | | | ________________<br>________________<br>________________ |
| **Samsung Galaxy watch 7** | | | ________________<br>________________<br>________________ |

**Ceist 10**


Beidh a gcéad cheolchoirm in Éirinn le 16 bliana ag Oasis i mí Lúnasa 2025. Beidh sí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh, staid a bhfuil spás ann do 82,300 duine ar a mhéad.

Arna chur in oiriúint ón Irish Times

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar thoisc amháin, seachas praghsanna na dticéad, a bhfuil éifeacht aici ar éileamh an tomhaltóra ar thicéid don cheolchoirm seo.

| Breac-chuntas: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Taispeántar sa léaráid thíos cuar an tsoláthair do thicéid don ócáid seo. Mínigh an chúis atá leis an gcruth atá ar chuar an tsoláthair seo.




| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

| Roinn B | Ceisteanna Fadfhreagra | 300 marc |
|---|---|---|

**Freagair 4 cheist as 6 cheist.**

**Ceist 11**

**(a)** San íomhá thíos tá grianghraf de ghnólacht sa Mhargadh Sasanach i gCathair Chorcaí. Feidhmíonn an gnólacht seo in **iomaíocht fhoirfe** in áit ina bhfuil go leor táirgí aonchineálacha.




www.expedia.com

**(i)** Mínigh an téarma eacnamaíochta **táirge aonchineálach** agus tabhair sampla amháin de tháirge aonchineálach.


| |
|---|
| Míniú: |
| |
| |
| Sampla: |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá bhonn tuisceana faoin iomaíocht fhoirfe (seachas táirgí aonchineálacha).

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**Ceist 12**

Sa phíchairt thíos, taispeántar caiteachas buiséadaithe reatha agus caiteachas buiséadaithe caipitiúil an rialtais don bhliain 2025.




**(a)** **(i)** Ríomh an **caiteachas caipitiúil** mar chéatadán de chaiteachas iomlán an rialtais. **Taispeáin do chuid oibre go léir.**

| Do chuid oibre: |
|---|
| Freagra: |

**(ii)** I mBuiséad 2025, tá an rialtas ag cur €360 milliún ar fáil do thionscadail bhonneagair siúlóide agus rothaíochta ar fud na tíre.

Arna chur in oiriúint ó gov.ie

Cuir in iúl le tic (✓) cé acu sampla é seo thuas de chaiteachas reatha **nó** de chaiteachas caipitiúil. Mínigh do fhreagra.

| Caiteachas Reatha | | Caiteachas Caipitiúil | |
|---|---|---|---|

| Míniú: |
|---|
| |
| |

**(b)** Déantar Ioncam Náisiúnta a ríomh leis bhfoirmle seo a leanas:

**Ioncam Náisiúnta = T + Infheistíocht + C + E - Iompórtálacha**

**(i)** Luaigh cad dó a seasann gach ceann de na litreacha **T, C** agus **E.**

| | |
|---|---|
| **T** | |
| **C** | |
| **E** | |

**(ii)** Is é an tIolraitheoir do gheilleagar oscailte ná:

$$\frac{\mathbf{1}}{\mathbf{MPS + MPM}}$$

Glac leis gurb é 0.2 an MPS and 0.3 an MPM.
Úsáid an fhoirmle thuas agus ríomh méid an iolraitheora.
**Taispeáin do chuid oibre ar fad**.

| Do chuid oibre: |
|---|
| Freagra: |

**(iii)** Is geilleagar beag oscailte é geilleagar na hÉireann.
Mínigh cad is brí leis an téarma eacnamaíochta **geilleagar oscailte**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 13**

**(a)** Tá Éire gar don lánfhostaíocht i gcónaí agus tá ganntanais oibrithe oilte ag roinnt fostóirí in earnálacha éagsúla den gheilleagar.

**(i)** Mínigh an toisc tháirgeachta **saothar**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Luaigh dhá earnáil i ngeilleagar na hÉireann ina bhfuil ganntanas oibrithe oilte faoi láthair.

| 1. |
|---|
| 2. |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar bheart eacnamaíochta amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann **nó** fostóirí a dhéanamh chun cuidiú le líon na n-oibrithe oilte a mhéadú sa gheilleagar.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí faoin gceann atá á fhreagairt agat.

| **Rialtas na hÉireann** | **Fostóirí** |
|---|---|
| | |

| Beart eacnamaíochta: |
|---|
| |
| |
| |


**(b)** **(i)** Tugadh na sonraí thíos duit maidir le gnólacht**.**

Ar an ngrafpháipéar thíos, tarraing agus lipéadaigh:

- na meánchostais (**MCh**) don ghnólacht seo.
- na costais imeallacha (**CI**) don ghnólacht seo.
- an t-ioncam imeallach (**II**) don ghnólacht seo.

**Nóta: Ní mór duit ais na cainníochta agus ais na gcostas a chríochnú/líonadh.**

| **Cainníocht (aonaid aschuir)** | **1** | **2** | **3** | **4** |
|---|---|---|---|---|
| **Meánchostais (MCh) in €** | **300** | **250** | **200** | **300** |
| **Costais Imeallacha (CI) in €** | **150** | **100** | **200** | **400** |
| **Ioncam Imeallach (II) ina €** | **200** | **200** | **200** | **200** |




**(ii)** Mínigh ceann amháin de na téarmaí seo a leanas:
costas imeallach **nó** ioncam imeallach.
Cuir tic (✓) sa bhosca cuí faoin gceann atá á fhreagairt agat.

| **Costas Imeallach** | **Ioncam Imeallach** |
|---|---|
| | |

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 14**

**(a)** Tá €700 milliún á fháil ag Éirinn ó dhleachtanna custam toisc borradh de bharr an Bhreatimeachta.

Arna chur in oiriúint ó The Guardian 2024

**(i)** Mínigh an téarma eacnamaíochta **dleachtanna custam**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |


**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a bhfuil **iompórtálacha** tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

| 1. |
|---|
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(iii)** Tá iarratas ar bhallraíocht san Aontas Eorpach (AE) déanta ag an Úcráin agus an Mholdóiv. Tabhair breac-chuntas ar chúis amháin a bhfuil Éire **ag tacú lena mballraíocht san AE**.

| Cúis: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Sa ghraf thíos, taispeántar méid an Chúnaimh Forbartha Thar Lear (ODA sa Bhéarla) atá curtha ag Éire chuig Tíortha Tearcfhorbartha (LDCs sa Bhéarla) idir 2020 agus 2023.




Arna chur in oiriúint ó Ireland.ie

**(i)** Déan trácht ar an treocht fhoriomlán i gCúnamh Forbartha Thar Lear (ODA) as Éirinn go Tíortha Tearcfhorbartha (LDCs) idir 2020 agus 2023 agus úsáid figiúirí ón ngraf thuas. An forbairt dhearfach nó forbairt dhiúltach an treocht seo, dar leat? Mínigh do fhreagra.

| |
|---|
| Trácht: |
| |
| |
| Tá an treocht seo ina Forbairt Dhearfach ☐ **nó** Forbairt Dhiúltach ☐ |
| Mínigh: |
| |

**(ii)** Baineann Rialtais sna Tíortha Tearcfhorbartha (LDCs) a fhaigheann an cúnamh seo úsáid as chun sochair a gcuid saoránach. Mol dhá bheart is féidir leis na rialtais sin a dhéanamh chun leas a gcuid saoránach a fheabhsú.

| |
|---|
| Beart 1: |
| |
| |
| Beart 2: |
| |
| |

**(c)** Baineadh na sonraí thíos as an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) na hÉireann in 2003 agus 2022.

Arna chur in oiriúint ó hdr.undp.org

| **Éire** | **2003** | **2022** |
|---|---|---|
| Ollioncam Náisiúnta Per Capita (US $) | 44,194 | 87,467 |
| Ionchas Saoil tráth Breithe (i mblianta) | 77.6 | 82.7 |
| Ionchas na mBlianta Scolaíochta (ina mblianta) | 16.8 | 19.1 |
| **Figiúir IFD** | **0.87** | **0.95** |

**(i)** Bunaithe ar na sonraí sa tábla thuas, luaigh cé acu an atá staid IFD na hÉireann imithe i bhfeabhas nó in olcas.
Cuir in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra.

| **Imithe i bhfeabhas** | **Imithe in olcas** |
|---|---|
| | |

| Cosain: |
|---|
| |
| |

**(ii)** Mol beart amháin is féidir le tír a dhéanamh chun cabhrú léi a scór IFD a fheabhsú.

| Beart amháin: |
|---|
| |
| |
| |

**75 marc**

**Ceist 15**

**(a)** Tá fiontraithe ríthábhachtach ionas go mbeidh rath ar gheilleagar na hÉireann. Tá fás leanúnach gheilleagar na hÉireann ag brath go mór ar fhiontraithe**.**

Arna chur in oiriúint ó enterprise.gov.ie

**(i)** Mínigh an téarma **fiontraí**.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Ní mór d'fhiontraithe a gcostais táirgeachta a choinneáil faoi smacht.
An aontaíonn tú nó an easaontaíonn tú leis an ráiteas seo?
Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos.
Cosain do fhreagra.

| **Aontaím** | **Ní aontaím** |
|---|---|
| | |

| Cosain: |
|---|
| |
| |

**(iii)** Dhún níos mó ná 570 bialann, caifé agus gnólacht bia eile a ndoirse go buan le bliain anuas agus tá fiontraithe ag fágáil tionscal an fháilteachais.

Arna chur in oiriúint ón irishexaminer.com


Pléigh tionchar amháin a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt seo ar **phobail áitiúla.**

| Tionchar: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Tá sé tuartha go bhfásfaidh daonra na hÉireann go 5.9 milliún faoin mbliain 2030.

Arna chur in oiriúint ó the Irish Times

Sa léaráid thíos, taispeántar cuar éilimh an mhargaidh agus cuar soláthair an mhargaidh do thithíocht in Éirinn.




**(i)** Táthar ag súil leis go mbeidh tionchar ag an méadú atá tuartha ar an daonra ar an éileamh ar thithíocht. Léirigh tionchar an fhorbartha sin **ar an léaráid thuas.**

**(ii)** Mínigh do fhreagra.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |


**(iii)** Tugadh srianta isteach i mí Mheán Fómhair 2024 a chuir teorainn ar charranna thar phointe áirithe ar na Céanna i lár chathair Bhaile Átha Cliath.

Tabhair breac-chuntas ar thionchar dearfach amháin **nó** ar thionchar diúltach amháin a bhaineann leis an mbeart thuas orthu siúd a bhfuil cónaí orthu i mBaile Átha Cliath. Cuir do rogha in iúl le tic (✓) sa bhosca cuí thíos. Cosain do fhreagra.

| **Dearfach** | **Diúltach** |
|---|---|
| | |

| Cosain: |
|---|
| |
| |

**(c)** Tugtar sa ghrafaic eolais thíos breac-chuntas ar fhiachas an rialtais agus ar fhiachas an rialtais in aghaidh an duine in 2022 agus 2023. Tá fiachas foriomlán an rialtais agus fiachas in aghaidh an duine **ag laghdú**.




www.cso

**(i)** Tabhair breac-chuntas ar shochar eacnamaíochta amháin a bhaineann leis an laghdú seo san fhiachas foriomlán do **gach ceann** acu seo a leanas:

- rialtas na hÉireann, agus
- saoránaigh in Éirinn.

| Rialtas na hÉireann: |
|---|
| |
| |
| Saoránaigh in Éirinn: |
| |
| |

**(ii)** Féachtar ar gheilleagar na hÉireann mar gheilleagar measctha.
Mínigh an téarma **geilleagar measctha.**

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**75 marc**

**Ceist 16**

**(a)** I mBuiséad 2025 d'fhógair an rialtas ardú €1 i ndleacht mháil agus CBL ar phacáiste 20 toitín.
www.gov.ie

**(i)** Cuir in iúl le tic (✓) thíos cé acu samplaí iad dleacht mháil agus CBL de cháin dhíreach **nó** de cháin indíreach. Mínigh do rogha**.**

| | |
|---|---|
| Cáin dhíreach | |
| Cáin indíreach | |

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(ii)** Gearrtar dleacht mháil ar earraí áirithe amhail alcól, tobac agus peitreal.


Mínigh cúis amháin a ngearrann an rialtas cánacha ar earraí amhail alcól agus toitíní.

| Míniú: |
|---|
| |
| |
| |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar thionchar eacnamaíochta **diúltach** amháin ar gheilleagar na hÉireann má leanann an rialtas de bheith ag ardú an ráta CBL ar alcól agus ar thobac.

| Tionchar eacnamaíochta: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Sa chairt thíos léirítear an t-athrú céatadánach bliantúil ar PIT (CPI i mBéarla) na hÉireann i mboilsciú praghsanna ó mhí na Bealtaine 2024 go mí Mheán Fómhair 2024.




Arna chur in oiriúint ó POS

**(i)** Cad dó a seasanna litreacha PIT? Tá **I** déanta cheana féin chun cuidiú leat.

| | | |
|---|---|---|
| **P** | **Innéacs** | **T** |

**(ii)** Úsáid figiúirí ón gcairt thuas agus sainaithin treocht fhoriomlán an bhoilscithe i bpraghsanna in Éirinn idir mí na Bealtaine 2024 agus mí Mheán Fómhair 2024.

| |
|---|
| Treocht: |
| |
| |
| |

**(iii)** Pléigh dhá thionchar eacnamaíochta a d'fhéadfadh a bheith ag **laghdú i mboilsciú praghsanna** ar **thomhaltóirí** na hÉireann.

| |
|---|
| 1. |
| |
| |
| 2. |
| |
| |

**(b)** Tá gá le ciorruithe móra in astaíochtaí carbóin chomh luath agus is féidir chun an riosca a sheachaint nach mbeifí in ann maireachtáil ar an bpláinéad sa chéad seo.

Clár Comhshaoil na NA (UN)




**(i)** Sainaithin beart amháin a d'fhéadfadh **gach** ceann de na hearnálacha thíos de gheilleagar na hÉireann a dhéanamh chun na hiarmhairtí a bhaineann le hathrú aeráide a laghdú. Cosain do fhreagra.

| **An Earnáil Talmhaíochta** |
|---|
| Beart: |
| |
| **An Earnáil Tionsclaíochta** |
| Beart: |
| |
| **Cosain:** |
| |
| |
| |

**(ii)** Ceann de na haidhmeanna atá ag rialtas na hÉireann ná **Forbairt Réigiúnach Chothrom** a chur chun cinn ar fud na hÉireann.

Mol beart amháin a d'fhéadfadh rialtas na hÉireann a dhéanamh chun cuidiú leis an aidhm seo a bhaint amach.

| Moladh: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**75 marc**

